Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2026
(OR. en)

**15158/26**

**AGRILEG 254**
**PESTICIDE 68**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 29 Deireadh Fómhair 2026 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D113093/04 |
| Ábhar: | RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN an XXX lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh carbafúráin, iomasailile, mandaprópaimíde, própacuiseafop, cuisileafop-P-eitile agus cuisileafop-P-teafúirile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D113093/04.

Faoi iamh: D113093/04

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2025/2832 Rev. 2
(POOL/E4/2025/2832/2832R2-EN.docx)
D113093/04
[…](2026) XXX draft

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh carbafúráin, iomasailile, mandaprópaimíde, própacuiseafop, cuisileafop-P-eitile agus cuisileafop-P-teafúirile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**an XXX**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh carbafúráin, iomasailile, mandaprópaimíde, própacuiseafop, cuisileafop-P-eitile agus cuisileafop-P-teafúirile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 14(1), pointe (a), Airteagal 18(1), pointe (b), agus Airteagal 49(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcás iomasaile, mandaprópaimíde, própacuiseafop, cuisileafop-P-eitile agus cuisileafop-P-teafúirile, socraíodh uasleibhéil iarmhar ('MRLanna') in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. I gcás carbafúráin, leagadh MRLanna síos in Iarscríbhinn II agus i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) An 30 Samhain 2024, rinne an Coimisiún Codex Alimentarius roinnt uasleibhéal iarmhar Codex ('CXLanna') le haghaidh na substainte gníomhaí carbafúrán a chúlghairm. Maidir leis an aon cheann amháin de na CXLanna cúlghairthe sin a cuireadh chun feidhme san Aontas, a mhéid a bhaineann le síolta cadáis, rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') meastóireacht ar dhea-chleachtais talmhaíochta údaraithe mhalartacha chun togra maidir le MRL cúltaca a shainaithint agus d'fhoilsigh sé tuarascáil eolaíoch[2].

(3) Sa tuarascáil uaidh, mhol an tÚdarás an MRL le haghaidh carbafúráin i síolta cadáis ag an teorainn chinnidh atá ann faoi láthair a laghdú, ós rud é nach bhformheastar carbafúrán san Aontas agus nár iarradh aon lamháltas allmhairiúcháin le haghaidh carbafúráin ar shíolta cadáis. Thairis sin, na MRLanna le haghaidh carbafúráin ar gach táirge eile, tá siad socraithe faoi láthair ag na teorainneacha cinnidh táirgeshonracha. Na MRLanna atá socraithe faoi láthair le haghaidh carbafúráin in Iarscríbhinn II agus i gCuid B d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, is iomchuí, dá bhrí sin, iad a scriosadh agus MRLanna le haghaidh carbafúráin ar gach táirge a

[1] IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj.

[2] EFSA (2025). Measúnú ar MRLanna cúltaca le haghaidh CXLanna cúlghairthe a cuireadh chun feidhme roimhe seo i reachtaíocht an Aontais. Iris EFSA, 23(3), e9299. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9299.

shocrú ag na teorainneacha cinnidh táirgeshonracha in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin.

(4) Rinne an tÚdarás measúnú ar na MRLanna le haghaidh iomasailile i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 in 2017[3] ach shainaithin sé roinnt faisnéise mar fhaisnéis nach bhfuil ar fáil i gcás táirgí áirithe. In 2018, maidir leis an tuairim réasúnaithe uaidh a tugadh cothrom le dáta, [4] tar éis faisnéis nua a fháil a chuir an t-iarratasóir isteach, ba le próifílí tocsaineolaíocha meitibilíti R014821, FK-722 agus FK-284 a bhain sí. Shainaithin an tÚdarás roinnt bearnaí faisnéise maidir leis an méid seo a leanas: trialacha ar iarmhair le haghaidh piobar, cúirséad agus mealbhacán; sonraí tocsaineolaíocha faoi na meitibilíti R014821, FK-722 agus FK-284; agus sonraí cobhsaíochta stórála. Mar sin féin, bhí an fhaisnéis a bhí ar fáil leordhóthanach don Údarás chun MRLanna sealadacha a mholadh. Ós rud é go raibh na MRLanna sin sábháilte do thomhaltóirí, socraíodh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005[5] iad, lenar sainíodh an dáta faoina raibh an fhaisnéis a bhí in easnamh a chur faoi bhráid an Údaráis mar thaca leis na MRLanna atá beartaithe.

(5) Ina dhiaidh sin, chuir an t-iarratasóir faisnéis isteach chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na bearnaí sonraí a sainaithníodh agus an tráth céanna chuir sé iarraidh isteach chun na MRLanna atá ann cheana le haghaidh iomasailile i dtorthaí citris a mhodhnú i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(6) Rinne an tÚdarás measúnú ar an iarratas agus ar an bhfaisnéis bhreise a cuireadh isteach agus tháinig sé ar an gconclúid sa tuairim réasúnaithe uaidh[6] gur tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí a bhaineann le próifíl thocsaineolaíoch na meitibilíti R014821, FK-772 agus FK-284. Tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí maidir le cobhsaíocht stórála.

(7) Níor tugadh aghaidh ar na bearnaí sonraí maidir le trialacha ar iarmhair i gcás mealbhacán. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nach dtacaíonn na sonraí go leordhóthanach le dea-chleachtas talmhaíochta criticiúil an Aontais maidir le mealbhacáin a cuireadh isteach san athbhreithniú MRL agus thug sé dá aire gur tarraingíodh siar an MRL malartach Codex 2 mg/kg in 2019. Níor iarradh aon lamháltas allmhairiúcháin le haghaidh iomasailile ar mhealbhacáin. Dá bhrí sin, na MRLanna a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 le haghaidh iomasailile ar mhealbhacáin, ba cheart iad a ísliú go dtí an teorainn chinnidh. Níor tugadh aghaidh ar na bearnaí sonraí maidir le trialacha ar iarmhair ach oiread i gcás piobar. Dá bhrí sin, na MRLanna a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 le haghaidh iomasailile ar phiobair, ba cheart iad a choinneáil ag an teorainn chinnidh.

---

3 EFSA (2017). Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh iomasailile de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Iris EFSA;15(9):4977, 66 lch. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.4977.

4 EFSA (2018). Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú cothrom le dáta ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh iomasailile de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 tar éis faisnéis thoscaineolaíoch nua a fháil. Iris EFSA; 16(10):5453, 52 lch. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2018.5453.

5 Rialachán (AE) 2019/1582 ón gCoimisiún an 25 Meán Fómhair 2019 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh iomasailile i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 246, 26.9.2019, lgh. 1–14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1582/oj).

6 EFSA (2025). Tuairim réasúnaithe maidir le meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin tar éis athbhreithniú ar MRLanna faoi Airteagal 12 agus na huasleibhéil iarmhair atá ann cheana le haghaidh iomasailile i dtorthaí citris a mhodhnú. Iris EFSA; 23(8):9614, 37 lch. https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/10.2903/j.efsa.2025.9614.

(8) A mhéid a bhaineann leis an iarratas a bhaineann le torthaí citris, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur leor an fhaisnéis a cuireadh isteach chun MRL a dhíorthú le haghaidh an ghrúpa iomláin torthaí citris. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna le haghaidh iomasailile ar thorthaí citris a shocrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a mhol an tÚdarás, leibhéal nár shainaithin sé aon riosca do thomhaltóirí aige.

(9) Cuireadh isteach iarratas de bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 lena n-iarrtar na MRLanna atá ann cheana a mhodhnú le haghaidh iomasailile i gcúcamair agus i ngircíní.

(10) I gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne an Ballstát lena mbaineann meastóireacht ar an iarratas agus cuireadh an tuarascáil mheastóireachta ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Chuir an Coimisiún an t-iarratais, an tuarascáil mheastóireachta agus an sainchomhad tacaíochta ar aghaidh chuig an Údarás.

(11) Rinne an tÚdarás measúnú ar an iarratas agus ar an tuarascáil mheastóireachta agus thug sé tuairim réasúnaithe maidir leis na MRLanna atá beartaithe[7]. Chuir sé na tuairimí sin ar aghaidh chuig na hiarratasóirí, chuig an gCoimisiún agus chuig na Ballstáit agus chuir sé ar fáil don phobal iad.

(12) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur measadh gurbh iomchuí na sonraí a cuireadh isteach mar thaca leis an iarratas chun an togra MRL le haghaidh cúcamar, cúirséad agus gircíní a dhíorthú nó a dheimhniú. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid freisin go gcomhlíontar an ceanglas maidir le sonraí daingniúcháin a mhéid a bhaineann le trialacha breise ar iarmhair ar chuirséid. Tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí maidir leis an bhfaisnéis thocsaineolaíoch le haghaidh na meitibilítí. Rinneadh an MRL Codex le haghaidh cúcamar agus gircíní a chúlghairm in 2019. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a leagan síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag an leibhéal a shainaithníonn an tÚdarás.

(13) I bhfianaise an athbhreithnithe a rinneadh ar na MRLanna le haghaidh iomasailile agus i bhfianaise thorthaí na n-iarratas ar MRLanna a bhaineann le hiomasailil i dtráchtearraí áirithe, ba cheart na fonótaí ábhartha lena gceanglaítear faisnéis bhreise a chur isteach maidir le hiomasailil a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(14) An 12 Iúil 2019, ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius uasleibhéal iarmhar Codex (‘CXL’) nua i gcás na substainte gníomhaí iomasailile i mbananaí[8].

(15) An 2 Nollaig 2023 ghlac an Coimisiún Codex Alimentarius CXLanna nua le haghaidh na substainte gníomhaí mandaprópaimíd[9].

---

7 EFSA (2023). Tuairim réasúnaithe maidir le modhnú na n-uasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh iomasailile i gcuirséad, i gcúcamair agus i ngircíní. Iris EFSA; 21(4):7980, 33 lch. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.7980.

8 Clár comhpháirteach FAO/EDS um Chaighdeáin Bhia, an Coimisiún Codex Alimentarius, an 42ú Seisiún. CICG, an Ghinéiv, an Eilvéis, an 8-12 Iúil 2019. https://codex.fao.org/restapi/searchMeetingDocument/REP19_CACe_Final.pdf?lang=en&id=53997 .

9 Clár comhpháirteach FAO/EDS um Chaighdeáin Bhia, an Coimisiún Codex Alimentarius. An 46ú Seisiún. Ceanncheathrú FAO, An Róimh, An Iodáil. An 27 Samhain go dtí an 2 Nollaig 2023. https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-701-46%252F%25E2%2598%2585Final%252520Report%252FREP23_CACe.pdf.

(16) I gcomhréir le hAirteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10], i gcás inar ann do chaighdeáin idirnáisiúnta nó i gcás ina gcuirfear i gcrích iad go luath, tá siad le cur san áireamh i bhforbairt nó in oiriúnú dhlí an bhia, seachas i gcás ina mbeadh na caighdeáin sin nó codanna ábhartha díobh ina modh neamhéifeachtach nó míchuí chun cuspóirí dlisteanacha dhlí bia an Aontais a chomhlíonadh, nó i gcás ina mbeadh údar eolaíoch ann, nó ina dtiocfadh leibhéal cosanta astu a bheadh éagsúil leis an leibhéal a chinntear a bheith iomchuí san Aontas. Thairis sin, i gcomhréir le hAirteagal 13, pointe (e), den Rialachán sin, tá an tAontas le comhsheasmhacht idir caighdeáin theicniúla idirnáisiúnta agus dlí bia an Aontais a chur chun cinn agus é á áirithiú an tráth céanna nach laghdófar an t-ardleibhéal cosanta a ghlactar san Aontas.

(17) Rinne an tÚdarás measúnú ar na rioscaí atá ag gabháil leis na CXLanna nua sin do thomhaltóirí agus d'fhoilsigh sé tuarascálacha eolaíocha[11,12].

(18) Maidir le hiomasailil, chuir an tAontas forchoimeádais[13] faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí maidir leis an CXL atá beartaithe le haghaidh iomasailile i mbananaí go dtí go mbeidh toradh ar an meastóireacht leanúnach ar airíonna tocsaineolaíocha roinnt meitibilítí iomasailile san Aontas. I dTuairim Réasúnaithe[14] ina dhiaidh sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur tugadh aghaidh go sásúil ar na bearnaí sonraí maidir le tocsaineolaíocht na meitibilítí sin agus go bhfuil an CXL le haghaidh iomasailile i mbananaí sábháilte do thomhaltóirí san Aontas. Ba cheart an CXL le haghaidh iomasailile i mbananaí a bheith in Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 dá bhrí sin.

(19) Maidir leis na CXLanna nár shainaithin an tÚdarás aon riosca do thomhaltóirí san Aontas ina leith, agus dá bhrí sin nár chuir an tAontas ábhar imní faoi bhráid an Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí ná an Choimisiúin Codex Alimentarius ina leith, is féidir a mheas go bhfuil siad sábháilte. Cuireadh roinnt CXLanna le haghaidh mandaprópaimíde chun feidhme cheana i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005[15]. I gcás an CXL le haghaidh mandaprópaimíde sa ghrúpa 'guird a bhfuil craiceann do-ite acu', níor

---

10 Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj).

11 EFSA (2023). Tacaíocht eolaíoch chun seasamh ón Aontas a ullmhú le haghaidh an 54ú Seisiún den Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí (CCPR). Iris EFSA, 21(8), 1–303. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2023.8111.

12 EFSA (2019). Tacaíocht eolaíoch chun seasamh an Aontais a ullmhú don 51ú Seisiún den Choiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí'. Iris EFSA, 17(7), 5797. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2019.5797.

13 Barúlacha a chuir an tAontas Eorpach isteach. An Coiste Codex um Iarmhair Lotnaidicídí, an 51ú Seisiún. CRD04, Aibreán 2019. https://www.fao.org/fao-who-codexalimentarius/sh-proxy/en/?lnk=1&url=https%253A%252F%252Fworkspace.fao.org%252Fsites%252Fcodex%252FMeetings%252FCX-718-51%252FCRD%252Fpr51_CRD04x.pdf.

14 EFSA (2025). Meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin tar éis an athbhreithnithe ar MRLanna faoi Airteagal 12 agus tar éis na huasleibhéil iarmhair atá ann cheana le haghaidh iomasailile i dtorthaí citris a mhodhnú. Iris EFSA. 2025;23:e9614. https://efsa.onlinelibrary.wiley.com/doi/10.2903/j.efsa.2025.9614.

15 Rialachán (AE) 2024/2633 ón gCoimisiún an 8 Deireadh Fómhair 2024 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh asocsastróibine, famocsadóin, flutríafóil, mandaprópaimíde agus meifeintrífhluconasóil i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L, 2024/2633, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2633/oj).

shainaithin an tÚdarás aon riosca do thomhaltóirí. Dá bhrí sin, ba cheart an CXL sin a bheith in Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(20) I gcomhréir le hAirteagal 43 de Rialachán (CE) 396/2005, iarradh ar an Údarás MRLanna cúltaca a mholadh le haghaidh MRLanna Codex a cúlghaireadh le déanaí agus a cuireadh chun feidhme roimhe seo i reachtaíocht an Aontais[16]. Mhol an tÚdarás na MRLanna atá ann cheana a ísliú le haghaidh mandaprópaimíde i bpiobair agus i mealbhacáin nó ar phiobair mhilse agus ar mhealbhacáin, a dheimhnítear a bheith sábháilte do thomhaltóirí, i gcomhréir leis na CXLanna atá ann faoi láthair agus d'fhonn MRLanna a shocrú ag leibhéil atá chomh híseal agus is indéanta le réasún. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh na dtáirgí sin a shocrú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ag na leibhéil a shainaithníonn an tÚdarás.

(21) Rinne an tÚdarás measúnú ar na MRLanna le haghaidh cuisileafop-P-eitile, cuisileafop-P-teafúirile agus própacuiseafop i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 in 2017 ach shainaithin sé bearnaí sonraí[17] maidir le trialacha ar iarmhair le haghaidh tráchtearraí éagsúla, maidir le sonraí bailíochtúcháin le haghaidh modhanna anailíseacha i dtráchtearraí éagsúla agus maidir le heaspa sonraí cobhsaíochta stórála le haghaidh tráchtearraí áirithe. Mar sin féin, bhí an fhaisnéis a bhí ar fáil leordhóthanach don Údarás chun MRLanna sealadacha atá sábháilte do thomhaltóirí a mholadh. Ós rud é go raibh na MRLanna sin sábháilte do thomhaltóirí, socraíodh in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005[18] iad, lenar sainíodh an dáta faoina raibh an fhaisnéis a bhí in easnamh a chur faoi bhráid an Údaráis mar thaca leis na MRLanna atá beartaithe.

(22) Ina dhiaidh sin, chuir an t-iarratasóir faisnéis isteach chun aghaidh a thabhairt ar chuid de na bearnaí sonraí a sainaithníodh agus an tráth céanna chuir sé iarraidh isteach chun na MRLanna atá ann cheana le haghaidh cuisileafop-P-teafúirile i bhfíonchaora boird, i síolta lus na gréine agus i bpónairí soighe a mhodhnú i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(23) I gcomhréir le hAirteagail 8 agus 9 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, rinne an Ballstát lena mbaineann agus an tÚdarás meastóireacht ar an iarratas. Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur measadh gurbh iomchuí na sonraí a cuireadh isteach mar thaca leis an iarraidh chun na tograí maidir le MRLanna le haghaidh síolta lus na gréine agus pónairí soighe a dhíorthú nó a dheimhniú. I gcás fíonchaora boird, ní raibh na sonraí trialach allamuigh a cuireadh isteach leordhóthanach chun tacú le hathrú MRL. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna i síolta lus na gréine agus pónairí soighe a bhunú ar an leibhéal atá molta ag an Údarás.

---

16 EFSA (2024). Measúnú ar MRLanna cúltaca le haghaidh CXLanna cúlghairthe a cuireadh chun feidhme roimhe seo i reachtaíocht an Aontais agus athbhreithniú ar an meastóireacht a rinneadh i gCruinnithe Comhpháirteacha FAO/EDS maidir le hIarmhair Lotnaidicídí ar na sonraí tocsaineolaíocha a bhaineann le piorasulfótól, pioraisíofluimíd, spiripidian agus trainileapról. Iris EFSA, 22 4: e8693. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8693.

17 EFSA (2017). Tuairim réasúnaithe maidir leis an athbhreithniú ar na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh cuisileafop-P-eitile, cuisileafop-P-teafúirile agus própacuiseafop de réir Airteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005. Iris EFSA, 15(12), 5050. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2017.5050.

18 Rialachán (AE) 2019/973 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2019 lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar le haghaidh bispireabac, beansóáit dínádóiniam, feanocsacarb, fluraclóradóin, cuisileafop-P-eitile, cuisileafop-P-teafúirile, própacuiseafop agus teabúifeanóisíde i dtáirgí áirithe nó ar tháirgí áirithe (IO L 157, 14.6.2019, lgh. 3–27 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/973/oj).

(24) Rinne an tÚdarás measúnú ar an bhfaisnéis a cuireadh isteach a bhaineann leis na bearnaí sonraí a sainaithníodh agus tháinig sé ar an gconclúid sa tuairim réasúnaithe uaidh[19] nár tugadh aghaidh ar na bearnaí sonraí a bhaineann leis na trialacha ar iarmhair le haghaidh própacuiseafop i leitísí agus i bplandaí sailéid. Mar sin féin, shainaithin an tÚdarás dea-chleachtas talmhaíochta cúltaca agus mhol sé MRL le haghaidh leitísí agus plandaí sailéid a dtacaíonn sonraí maidir le própacuiseafop go hiomlán leis. Shainaithin an tÚdarás dea-chleachtas talmhaíochta cúltaca le haghaidh própacuiseafop i spionáistí agus d'úsáid sé sonraí na dtrialacha ar iarmhair maidir le própacuiseafop i leitísí agus i bplandaí sailéid chun MRL i spionáistí a dhíorthú. Dá bhrí sin, ba cheart na MRLanna le haghaidh própacuiseafop i leitísí agus plandaí sailéid agus i spionáistí a bhunú ar an leibhéal atá molta ag an Údarás.

(25) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh ar na bearnaí sonraí a bhaineann le cobhsaíocht stórála agus faisnéis faoi mhodhanna anailíse le haghaidh cuisileafop-P-eitile i seardas/duilleoga biatais, insiltí luibhe ó bhláthanna agus insiltí luibhe ó luibheanna. Dá bhrí sin, na MRLanna a leagtar síos in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 le haghaidh na dtáirgí sin, ba cheart iad a ísliú go dtí an teorainn chinnidh.

(26) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid nár tugadh aghaidh ar an mbearna sonraí a bhaineann leis an modh anailíseach le haghaidh cuisileafop-P-eitile i spionáistí. Dá bhrí sin, ní thacaíonn na sonraí atá ar fáil a thuilleadh leis an MRL le haghaidh cuisileafop-P-eitile i spionáistí.

(27) Tháinig an tÚdarás ar an gconclúid gur leor an fhaisnéis a soláthraíodh maidir le modhanna anailíseacha agus hidrealú i dtáirgí ainmhithe chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sonraí a sainaithníodh le haghaidh cuisileafop-P-teafúirile agus níor mhol sé na MRLanna comhfhreagracha a mhodhnú. Dá bhrí sin, is iomchuí na MRLanna a choinneáil ar na leibhéil atá ann faoi láthair.

(28) Ar mhaithe le soiléireacht, na fonótaí ábhartha lena gceanglaítear faisnéis bhreise a chur isteach maidir le cuisileafop-P-eitil, cuisileafop-P-teafúiril agus própacuiseafop, ba cheart iad a scriosadh ó Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

(29) Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le saotharlanna tagartha an Aontais maidir le hiarmhair lotnaidicídí a mhéid a bhaineann leis an ngá teorainneacha cinnidh áirithe a oiriúnú. Mhol na saotharlanna sin teorainneacha cinnidh táirgeshonracha ar féidir iad a bhaint amach go hanailíseach.

(30) Chuathas i gcomhairle le comhpháirtithe trádála an Aontais tríd an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus tá a mbarúlacha curtha san áireamh.

(31) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 a leasú dá réir sin.

(32) Níor cheart feidhm a bheith ag na MRLanna a leagtar amach sa Rialachán seo maidir le táirgí atá curtha ar an margadh san Aontas sula mbeidh na MRLanna nua infheidhme agus ar ina leith a choinnítear leibhéal ard cosanta tomhaltóirí ar bun.

(33) Ba cheart tréimhse réasúnta a bheith ann sula mbeidh feidhm ag na MRLanna nua ionas go mbeidh deis ag na Ballstáit, tríú tíortha agus oibreoirí gnólachtaí bia iad féin a oiriúnú do na ceanglais a thagann as na leasuithe ar na MRLanna ábhartha.

---

[19] EFSA (2023) Tuairim réasúnaithe maidir leis an meastóireacht ar shonraí deimhniúcháin tar éis athbhreithniú ar MRLanna faoi Airteagal 12 le haghaidh cuisileafop-P-eitile, cuisileafop-P-teafúirile agus própacuiseafop agus na huasleibhéil iarmhar atá ann cheana le haghaidh cuisileafop-P-teafúirile a mhodhnú. Iris EFSA, 22(2), 8560. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.8560.

(34) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní II, III agus V a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 mar a bhí sé sular leasaíodh é leis an Rialachán seo, beidh feidhm aige go fóill maidir le táirgí a cuireadh ar an margadh san Aontas roimh an *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón [*Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta = 6 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*